C/2026/5546

23.10.2026

Achoimre ar an gCinneadh ón gCoimisiún

an 23 Iúil 2026

a bhaineann le cinneadh de bhun Airteagal 29(1), pointe (a), Airteagal 30(1), pointe (a), agus Airteagal 31(1), pointe (h) de Rialachán (AE) 2022/1925

(Cás DMA.100075 — ALPHABET — ONLINE INTERMEDIATION SERVICES — APP STORES — GOOGLE PLAY — ART. 5(4))

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 5346 final)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

(C/2026/5546)

An 23 Iúil 2026, ghlac an Coimisiún cinneadh de bhun Airteagal 29(1), pointe (a), Airteagal 30(1), pointe (a), agus Airteagal 31(1), pointe (h) de Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1]. I gcomhréir le forálacha Airteagal 44 de Rialachán (AE) 2022/1925, foilsíonn an Coimisiún leis seo ainmneacha na bpáirtithe agus príomhábhar an chinnidh, ag féachaint do leas dlisteanach gnóthas maidir lena rúin ghnó a chosaint.

1. RÉAMHRÁ

(1) Sa chinneadh maidir le neamhchomhlíonadh (an 'Cinneadh'), leagtar amach cinntí an Choimisiúin nach gcomhlíonann Alphabet Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2022/1925 i ndáil lena chroísheirbhís ardáin Google Play. Cuireann Alphabet teorainn le cumas na bhforbróirí aipeanna a dháileann feidhmchláir bogearraí ('aipeanna') trí Google Play úsáideoirí deiridh a fhaightear trína chroísheirbhís ardáin nó trí bhealaí eile ('úsáideoirí faighte') a sheoladh i dtreo tairiscintí laistigh nó lasmuigh dá n-aipeanna ('stiúir' nó 'stiúradh') chun conarthaí a thabhairt i gcrích laistigh nó lasmuigh dá n-aipeanna tar éis an stiúrtha sin ('idirbhearta stiúrtha'). Gearrann Alphabet táille freisin i ndáil le hidirbhearta stiúrtha, rud a théann níos faide ná an luach saothair a d'fhéadfaí a ghearradh as fáil tosaigh an úsáideora deiridh sin arna héascú ag Alphabet.

(2) Dá thoradh sin, ordaítear leis an gCinneadh do Alphabet deireadh a chur leis an neamhchomhlíonadh laistigh de 60 lá ón bhfógra faoin gCinneadh ('ordú stop agus scoir'), gearrtar fíneáil ar Alphabet, chomh maith le híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a d'fhéadfadh a bheith ann mura gcomhlíonann Alphabet an t-ordú stop agus scoir a leagtar amach sa Chinneadh.

2. CREAT DLÍTHIÚIL

(3) De bhun Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2022/1925, ligfidh geatóir d'úsáideoirí gnó, saor i aisce, tairiscintí a chur in iúl agus a chur chun cinn, lena n-áirítear ar choinníollacha éagsúla, d'úsáideoirí deiridh a fuarthas trína chroísheirbhís ardáin nó ar bhealaí eile, agus conarthaí a thabhairt i gcrích leis na húsáideoirí deiridh sin is cuma cé acu a úsáideann siad croísheirbhísí ardáin an gheatóra chun na críche sin nó nach n-úsáideann.

(4) I gcás inar siopa feidhmchlár bogearraí ('siopa feidhmchlár') í an chroísheirbhís ardáin atá i gceist, is iad úsáideoirí gnó na croísheirbhíse ardáin sin forbróirí aipeanna a chuireann a n-aipeanna agus a n-earraí agus seirbhísí digiteacha ar fáil d'úsáideoirí deiridh trí aipmhargadh an gheatóra ('forbróirí aipeanna'). Sa chomhthéacs sin, fágann Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2022/1925 gur cheart do gheatóirí cead a thabhairt d'fhorbróirí aipeanna a dháileann a gcuid aipeanna trí shiopa feidhmchlár an gheatóra úsáideoirí deiridh faighte a stiúradh agus conarthaí a thabhairt i gcrích leo ina dhiaidh sin (laistigh den aip nó lasmuigh di), i.e. 'idirbhearta stiúrtha', gan aon táille a bheith á gearradh ag an ngeatóir cé is moite, i gcás inarb infheidhme, den luach saothair atá dlite don gheatóir as an úsáideoir gnó an t-úsáideoir deiridh a fháil ar dtús (i.e. 'an mheaitseáil').

(5) De bhun Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2022/1925, áiritheoidh agus léireoidh an geatóir go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 5, 6 agus 7 den Rialachán sin. Thairis sin, na bearta a chuireann an geatóir chun feidhme chun comhlíonadh na hoibleagáide sin a áirithiú, beidh siad éifeachtach maidir le cuspóirí an Rialachán sin agus na hoibleagáide ábhartha a bhaint amach.

[1] Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (An Gníomh um Margaí Digiteacha) (IO L 265, 12.10.2022, lgh. 1).

3. **TÉARMAÍ GNÓ ALPHABET**

(6) Sa tréimhse a ndearnadh measúnú uirthi sa Chinneadh seo, bhí dhá thacar téarmaí agus coinníollacha gnó i bhfeidhm ag Alphabet lenar rialaíodh a chaidreamh le húsáideoirí gnó, i.e. forbróirí aipeanna, a úsáideann Google Play agus atá ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar an gcomhlíonadh a dhéanann Alphabet ar Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2022/1925 (dá ngairtear '**Téarmaí Alphabet**' i bhfochair a chéile), ba iad sin:

(a) na **Téarmaí Gnó Ginearálta** a leagtar síos go príomha i (a) gComhaontú Forbróra Google Play maidir le Dáileadh (Google Play *Developer Distribution Agreement*) agus (b) Beartas Íocaíochtaí Google Play (Google Play *Payments Policy*), mar aon leis

(b) na téarmaí faoi **Chlár na dTairiscintí Seachtracha** (*External Offers Program*) arb é atá iontu (a) Téarmaí Seirbhíse Forbróra Chlár na dTairiscintí Seachtracha (*Developer Terms of Service for External Offers Program*), agus (b) na ceanglais a leagtar síos ar leathanach gréasáin Chlár na dTairiscintí Seachtracha. Ghlac Alphabet Clár na dTairiscintí Seachtracha d'fhonn Rialachán (AE) 2022/1925 a chomhlíonadh.

(7) Gach forbróir aipeanna a úsáideann Google Play, tá sé faoi réir na dTéarmaí Gnó Ginearálta. De bhreis air sin, forbróirí aipeanna ar mian leo páirt a ghlacadh i gClár na dTairiscintí Seachtracha, ní mór dóibh na ceanglais a leagtar amach ann a chomhlíonadh agus aontú leis na Téarmaí Seirbhíse Forbróra a bhaineann leis. Ina leithéid sin de chás, tá feidhm ag téarmaí Chlár na dTairiscintí Seachtracha de bhreis ar na Téarmaí Gnó Ginearálta. I gcás coinbhleachta, tugtar tús áite do Chlár na dTairiscintí Seachtracha.

(8) De réir na **dTéarmaí Gnó Ginearálta**, ní cheadaítear do na forbróirí úsáideoirí a stiúradh i dtreo modh íocaíochta nach é córas billeála Google Play é. Mar chuid den toirmeasc sin, ní cheadaítear úsáideoirí a stiúradh i dtreo modhanna íocaíochta eile trí liostaí ionaipe ar Google Play, tairiscintí ionaipe maidir le hábhar is féidir a cheannach, cnaipí ionaipe a thugann amharc ar an nGréasán, naisc, teachtaireachtaí, fógraí, treoracha ionaipe eile chun gnímh ná sreafaí comhéadain úsáideora ionaipe eile, lena n-áirítear sreafaí cruthaithe cuntais nó clárúcháin, a stiúrann úsáideoirí ó aip chuig modh íocaíochta nach é córas billeála Google Play é mar chuid de na sreafaí sin. De réir na dTéarmaí Gnó Ginearálta, ní cheadaítear ach oiread d'fhorbróirí úsáideoirí a stiúradh amach chuig modh íocaíochta eile trí nasc díreach a thógáil le leathanach gréasáin ná trí fhoclaíocht a úsáid a spreagann úsáideoir chun an t-earra digiteach a cheannach lasmuigh den aip. Déantar eisceacht pháirteach i gcás aipeanna nach ndéanann foráil maidir le ceannacháin ionaipe ('aipeanna saor ó thomhaltas breise'), mar a bhféadfaidh forbróirí teachtaireachtaí agus fógraíocht a thaispeáint a bhaineann le tairiscintí atá ar fáil lasmuigh den aip. Fágann sé sin, áfach, do na forbróirí ar mian leo tairiscintí atá ar fáil lasmuigh den aip a chur in iúl agus a chur chun cinn, gur gá staonadh ó fhoráil a dhéanamh maidir le ceannacháin ionaipe. De réir na rialacha a bhaineann leis na haipeanna saor ó thomhaltas breise sin, ní cheadaítear ach oiread d'fhorbróirí naisc dhíreacha a sholáthar chuig na roghanna ceannacháin sin agus rialaítear go docht dian an fhoclaíocht is féidir le forbróirí a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh leis na húsáideoirí.

(9) De réir na dTéarmaí Gnó Ginearálta, na haipeanna agus na táirgí ionaipe a dhíoltar trí chóras billeála Google Play (*Google Play Billing*) i gcomhréir leis an mBeartas Íocaíochtaí, tá siad faoi réir táille sheirbhíse 30 % ar thuilleamh is mó ná $1 mhilliún (USD) a shaothraíonn an forbróir (rud a laghdaítear go 15 % i gcás forbróirí incháilithe ag a bhfuil tuilleamh faoi bhun $1M (USD) nó táirgí ar shíntiús a athnuaitear go huathoibríoch).

(10) De réir **Chlár na dTairiscintí Seachtracha**, ceadaítear d'fhorbróirí aipeanna a dháileann a gcuid aipeanna trí Google Play hipearnaisc ('naisc sheachtracha') a chur ina n-aipeanna siúd a stiúrann úsáideoirí atá sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('LEE') chuig ceann scríbe lasmuigh den aip mar ar féidir le húsáideoirí conarthaí a thabhairt i gcrích ('idirbhearta seachtracha'), lena n-áirítear chun tairiscintí maidir le feidhmeanna agus seirbhísí ionaipe a chur chun cinn. Ní chuireann Clár na dTairiscintí Seachtracha srian le líon na nasc amach is féidir le forbróirí aipeanna a thaispeáint in aon aip a dháiltear trí Google Play. Lena chois sin, tá forbróirí measartha saor chun an fhoclaíocht is mian leo a chur ina gcuid teachtaireachtaí fógraíochta ionaipe.

(11) De réir Chlár na dTairiscintí Seachtracha, cuirtear na ceanglais seo a leanas, thar aon ní eile, ar fhorbróirí aipeanna ar mian leo naisc amach a úsáid:

(a) Ar an gcéad dul síos, ní cheadaítear úsáideoirí deiridh a stiúradh trí bhíthin tairiscintí seachtracha ach amháin chuig ábhar digiteach fhorbróir na haipe féin nó chuig earraí a bhaineann leis an aip. Ní cheadaítear de réir Chlár na dTairiscintí Seachtracha naisc amach lena stiúrtar chuig ceann scríbe chun críoch nach ábhar digiteach nó earraí digiteacha a bhaineann leis an aip iad. Áirítear leis sin cinn scríbe mar ar féidir leis an úsáideoir táirgí nó seirbhísí a cheannach arna soláthar ag tríú páirtithe mar aon le cinn scríbe mar ar féidir aipeanna a íoslódáil lasmuigh de Google Play.

(b) Ar an dara dul síos, gach uair a leanann úsáideoir deiridh nasc seachtrach, ní mór d'fhorbróir na haipe a chur in iúl don úsáideoir deiridh roimh an idirbheart, ar bhealach feiceálach agus le foclaíocht shoiléir intuigthe, gurb é forbróir na haipe an ceannaí agus gurb eisean amháin atá freagrach as idirbheart seachtrach ar bith a leanann sin. Chun na críche sin, soláthraíonn Alphabet rud darb ainm *Google Linkout Prompt* (Leid Google maidir le Nasc Amach) trí mheán comhéadain feidhmchláir.

(c) Ar an tríú dul síos, ní cheadaítear d'fhorbróirí aipeanna paraiméadair bhreise a chur le URL an naisc sheachtraigh ná réimsí a líonadh isteach roimh ré ar an leathanach cinn scríbe le sonraí pearsanta na n-úsáideoirí deiridh (e.g. a sonraí íocaíochta nó a sonraí cuntais) arna bhfáil ón aip.

(12) Bunaítear i gClár na dTairiscintí Seachtracha **struchtúr táillí nua** do na forbróirí aipeanna siúd a ghlacann leis an rogha páirt a ghlacadh sa chlár sin, rud a bhfuil an dá chineál táille seo a leanas i gceist leis: (i) Táille na Fála Tosaigh (*Initial Acquistion Fee*) agus (ii) Táille na Seirbhísí Leanúnacha (*Ongoing Services Fee*). An dá táille sin, is táillí coimisiúin iad a ghearrtar ar aon ioncam a ghintear trí bhíthin idirbhearta seachtracha idir úsáideoir deiridh agus forbróir aipe arb idirbhearta iad a bhaineann le hábhar digiteach nó earraí a bhaineann leis an aip, agus tá feidhm leo ó chéad 'idirbheart seachtrach' an úsáideora i leith. Má úsáideann an forbróir córas billeála Google Play, bíonn an tsamhail táillí chaighdeánach i bhfeidhm d'ainneoin rogha a bheith déanta páirt a ghlacadh i gClár na dTairiscintí Seachtracha.

(13) **Táille na Fála Tosaigh**, is 10 % atá ann i gcás tairiscintí ábhair dhigitigh ionaipe a cheannaítear (5 % i gcás síntiúis a athnuaitear go huathoibríoch) agus tá feidhm aici ar feadh dhá bhliain tar éis céad idirbheart seachtrach an úsáideora deiridh.

(14) **Táille na Seirbhísí Leanúnacha**, is 17 % atá ann i gcás tairiscintí ábhair dhigitigh ionaipe a cheannaítear (7 % i gcás síntiúis a athnuaitear go huathoibríoch). Níl teorainn ama léi. Sa tréimhse ama a ndearnadh measúnú uirthi sa Chinneadh seo, bhí forbróirí aipeanna in ann rogha a dhéanamh gan páirt a ghlacadh i seirbhísí leanúnacha Google Play agus, dá thoradh sin, gan Táille na Seirbhísí Leanúnacha a íoc dhá bhliain tar éis an chéad idirbhirt sheachtraigh, ar choinníoll go dtoilíonn an t-úsáideoir deiridh leis sin.

(15) Cé go gceadaíonn Alphabet d'aipeanna leas a bhaint as an amharc gréasáin ([2]) agus teicneolaíochtaí brabhsálaithe ionaipe, lena n-áirítear aipeanna a úsáideann an stiúradh faoi chuimsiú Chlár na dTairiscintí Seachtracha is mar cheannacháin ionaipe a chaitear le hidirbhearta a dhéantar trí mheán an amharc gréasáin nó teicneolaíochtaí brabhsálaithe ionaipe agus, dá thoradh sin, tá siad faoi réir tháillí caighdeánacha shamhail táillí chaighdeánach Google Play.

4. **MEASÚNÚ AN CHOIMISIÚIN**

(16) Tar éis imeachtaí an Choimisiúin a tionscnaíodh le Cinneadh C(2024) 2055 an 25 Márta 2024 de bhun Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2022/1925, i bhfianaise na fianaise a bhailigh an Coimisiún agus na faisnéise a raibh teacht aige uirthi, tar éis breithniú a dhéanamh ar Fhreagairt Apple an 9 Bealtaine 2025 ar Réamhthorthaí an Choimisiúin an 19 Márta 2025, ghlac an Coimisiún an Cinneadh de bhun Airteagal 29(1) de Rialachán (AE) 2022/1925 nach ndéanann Téarmaí Alphabet atá ar fáil san Aontas Eorpach Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2022/1925 a chomhlíonadh.

(17) Is ar na cúiseanna seo a leanas a bhunaíonn an Coimisiún a chonclúid.

(18) Ar an gcéad dul síos, ní cheadaítear de réir Théarmaí Alphabet an stiúradh i dtreo tairiscintí tríú páirtí ó cuirtear cosc ar fhorbróirí aipeanna naisc amach a úsáid chun úsáideoirí a stiúradh chuig cinn scríbe agus tairiscintí nach leo féin iad. Fágann an cosc sin go n-eisiatar go héifeachtach an stiúradh i dtreo aon chinn scríbe mar ar féidir leis an úsáideoir táirgí nó seirbhísí a cheannach arna soláthar ag tríú páirtithe mar aon le cinn scríbe mar ar féidir aipeanna a íoslódáil lasmuigh de Google Play.

(19) Tá sé d'oibleagáid ar Alphabet cead a thabhairt d'úsáideoirí gnó Google Play Store stiúradh a dhéanamh i dtreo aon chineáil tairisceana, lena n-áirítear i dtreo cainéil a bhfuil tairiscintí tríú páirtí iontu, mar shampla cainéil dáilte aipeanna, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2022/1925. De réir Théarmaí Alphabet, ní hamhlaidh atá.

(20) Lena chois sin, i dTéarmaí Alphabet, éilítear ar fhorbróirí aipeanna an t-úsáideoir deiridh a chur ar an eolas gach uair a leanann sé nasc seachtrach, trí bhíthin Google *Linkout Prompt*. Cé go bhféadfar leideanna a úsáid chun úsáideoirí a chur ar an eolas ar bhonn neodrach atá i gcomhréir le riosca a laghdú, tugtar aimhréireacht nach gá isteach de dheasca mhinicíocht agus fhoclaíocht Google *Linkout Prompt*, rud a fhágann go bhfuil sé ródheacair na cearta dá bhforáiltear in Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2022/1925 a fheidhmiú. Ar an gcéad dul síos, an fhoclaíocht ar leith atá in Google *Linkout Prompt*, tugann sí le tuiscint go bhfuil riosca ann is cuma an ann ar bhonn oibiachtúil don riosca sin. Ar an dara dul síos, ó taispeántar Google *Linkout Prompt* d'úsáideoirí deiridh gach uair a fheidhmíonn siad an ceart atá acu faoi chuimsiú Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2022/1925, is rómhór an chonstaic atá ann ós riosca a mheastar a bheith ann atá i gceist seachas riosca dhearbhaithe.

([2]) Feidhmiúlacht atá san amharc gréasáin a chuireann ar a gcumas d'aipeanna ábhar gréasán a thaispeáint ar bhealach níos éasca, agus go díreach laistigh den aip agus, ag brath ar an uirlis amhairc gréasáin ar leith atá i gceist, is féidir cur síos a dhéanamh uirthi mar amharc, feidhmchlár córais, comhpháirt, gné, nó comhéadan feidhmchláir a chuireann ar a gcumas d'fhorbróirí aipeanna leathanaigh ghréasáin a chur ar fáil laistigh d'aip.

(21) De bhreis air sin, cuirtear srian le forbróirí aipeanna maidir leis an gceart atá acu '*tairiscintí a chur in iúl* [...] *lena n-áirítear ar choinníollacha éagsúla*' mar a leagtar amach in Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2022/1925, ó chuirtear cosc i dTéarmaí Alphabet ar fhorbróirí aipeanna paraiméadair bhreise a chur le URL an naisc amach agus réimsí a líonadh isteach roimh ré le sonraí pearsanta na n-úsáideoirí ag cinn scríbe a stiúrtar chucu. Ní éilítear chun críche na hoibleagáide na srianta sin agus is sárú atá iontu.

(22) Tugann an Coimisiún dá aire, murab ionann agus oibleagáidí eile a leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/1925, mar shampla Airteagal 6(4), níl eisceachtaí slándála sainráite in Airteagal 5(4). Ina ainneoin sin, mhachnaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé go mbeadh gá oibiachtúil leis na srianta thuasluaite agus gur chomhréireach na bearta iad maidir le rioscaí slándála a mhaolú. Ós rud é, áfach, nach ann go háirithe d'eisceacht slándála shainráite in Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2022/1925, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid maidir leis an riosca a maítear gur chun aghaidh a thabhairt air is ann do na srianta gur riosca ginearálta teibí i gcónaí é agus gur díréireach lena leithéid de riosca iad na srianta féin cibé ar bith.

(23) Ar an dara dul síos, is é tuairim an Choimisiúin nach gceadaíonn Téarmaí Alphabet d'fhorbróirí aipeanna úsáideoirí deiridh a stiúradh ná idirbhearta stiúrtha a thabhairt i gcrích saor in aisce de réir bhrí Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2022/1925.

(24) Ar an gcéad dul síos, is é tuairim an Choimisiúin nach féidir gurb í Táille na Fála Tosaigh an luach saothair is ceart a ghearradh as fáil tosaigh an úsáideora deiridh ag forbróir na haipe a éascú. Sa chéad chás de, ní hé luach saothair na fála tosaigh amháin atá i dTáille na Fála Tosaigh a íoctar le Alphabet, ós fada a ghearrtar an táille ón bpointe a mheaitseáiltear den chéad uair an forbróir aipe agus an t-úsáideoir deiridh. Os a choinne sin, maidir le ráta 10 %/5 % Tháille na Fála Tosaigh, measann an Coimisiún gur ró-ard an ráta sin chun gur féidir é a mheas mar luach saothair na fála tosaigh, rud a bheadh ag teacht luach na seirbhísí meaitseála a sholáthraíonn Alphabet.

(25) Ar an dara dul síos, measann an Coimisiún freisin nach ligean Táille na Seirbhísí Leanúnacha d'fhorbróirí aipe úsáideoirí deiridh a stiúradh go héifeachtach ná idirbhearta stiúrtha a thabhairt i gcrích saor in aisce. Is éard is cúis leis sin, go pointe, ar a laghad, go n-íocann Táille na Seirbhísí Leanúnacha Alphabet as seirbhísí a bhaineann le fáil na n-úsáideoirí. Ní cheadaítear an méid sin faoi chuimsiú Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2022/1925, ó a) ní cheadaítear luach saothair seirbhísí den sórt sin a bhaineann leis an bhfáil a íoc ach amháin ar feadh tréimhse thosaigh ama (bíonn feidhm gan deireadh ag Táille na Seirbhísí Leanúnacha) agus b) ní cheadaítear an luach saothair a íoc ach aon uair amháin (íoctar Alphabet as na seirbhísí sin cheana féin i bhfoirm Tháille na Fála Tosaigh).

(26) Ar an tríú dul síos, measann an Coimisiún nach ligean Alphabet d'fhorbróirí aipe úsáideoirí deiridh a stiúradh go héifeachtach ná idirbhearta stiúrtha a thabhairt i gcrích saor in aisce ó nach gceadaíonn Alphabet stiúradh i dtreo amharc gréasáin ach amháin faoi réir shamhail táille chaighdeánach Google Play (seachas an struchtúr táillí le haghaidh stiúradh faoi chuimsiú Chlár na dTairiscintí Seachtracha Alphabet). Maidir leis an tsamhail táillí chaighdeánach, áfach, ní féidir a mheas gurb é atá ann luach saothair Alphabet as fáil tosaigh an úsáideora deiridh ag forbróir aipeanna a éascú, agus é sin amháin. Fágann sé sin nach gceadaíonn Alphabet an stiúradh i dtreo amharc gréasáin saor in aisce de réir bhrí Airteagal 5(4) de Rialacháin (AE) 2022/1925.

(27) I bhfianaise a bhfuil thuas, ordaítear leis an gCinneadh do Alphabet deireadh éifeachtach a chur leis an sárú a shonraítear thuas laistigh de 60 lá féilire ón dáta a thugtar fógra faoin gCinneadh ('ordú stop agus scoir').

(28) Chun an t-ordú stop agus scoir a chomhlíonadh, ba cheart do Alphabet an méid seo a leanas a dhéanamh:

Cumarsáid éifeachtach, tairiscintí a chur chun cinn agus conarthaí a thabhairt i gcrích

(a) A áirithiú go ligtear sa chleachtas (i.e. ar bhonn teicniúil agus conartha) d'fhorbróirí aipeanna cumarsáid, cur chun cinn tairiscintí, agus tabhairt i gcrích conarthaí den uile chineál a dhéanamh le húsáideoirí deiridh laistigh agus lasmuigh dá n-aip. Áirítear leis sin, cuir i gcás, a chur ar chumas d'fhorbróirí aipeanna an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) úsáideoirí deiridh a stiúradh i dtreo aon chinn scríbe nó cainéil ar mian leo (lena n-áirítear, i measc nithe eile, suíomhanna gréasáin nó siopaí feidhmchlár a bhfeidhmíonn an forbróir aipe iad, nó suíomhanna gréasáin nó siopaí feidhmchlár a bhfeidhmíonn tríú páirtithe iad). I ndáil leis sin, níor cheart do Alphabet, cuir i gcás, teorainn a chur leis an gcineál cinn scríbe chuige a gceadaítear don fhorbróir aipe a stiúradh ná cosc a cur ar an bhforbróir aipe sonraí breise a chur le URL an leathanaigh cinn scríbe;

(ii) úsáideoirí deiridh a stiúradh i dtreo aon chineál tairisceana is mian leo, lena n-áirítear tairiscintí le haghaidh ábhair dhigiteacha, seirbhísí agus aipeanna a sholáthraíonn tríú páirtithe, lena n-áirítear i siopaí feidhmchlár eile agus ar aipeanna eile;

(iii) conarthaí a thabhairt i gcrích i ndiaidh stiúradh, laistigh nó lasmuigh den aip, trí aon fhoirm teicneolaíochta, lena n-áirítear an t-amharc gréasáin, agus suiteáil aipeanna nó siopaí feidhmchlár a cheadú gan dochar do bhearta comhlíontachta a d'fhéadfadh a bheith ann faoi chuimsiú Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2022/1925;

(iv) maidir le haon choinníoll a bhaineann le cumas an fhorbróra aipeanna cumarsáid éifeachtach a dhéanamh, tairiscintí a chur chun cinn go héifeachtach, agus conarthaí a thabhairt i gcrích go héifeachtach, is cuma cén cainéal dáilte atá i gceist, mar shampla leideanna/bileoga nochta, a áirithiú go bhforbraítear iad agus go gcuirtear chun feidhme iad ar bhonn neodrach nach ndíspreagann agus a bhunaítear ar shonraí nithiúla infhíoraithe arna mbailiú ag Alphabet, agus nach dtéitear thar a bhfuil gá oibiachtúil leis agus an méid atá comhréireach chun na húsáideoirí deireadh a chur ar an eolas gur le forbróir na haipe a mbeifear ag idirghníomhú leis seachas Alphabet;

Conarthaí a thabhairt i gcrích 'saor in aisce'

(b) A áirithiú gur saor in aisce a bheidh sé (i) tairiscintí a chur in iúl agus a chur chun cinn, agus (ii) conarthaí a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear trí mheán amharc gréasáin, le húsáideoirí deiridh arna bhfáil trí Google Play. Áirítear leis sin a áirithiú nach ngearrtar aon táille as an stiúradh.

(c) A áirithiú maidir le luach saothair a d'fhéadfaí a ghearradh as fáil tosaigh na n-úsáideoirí deireadh ag na forbróirí aipeanna, (i) gur leis an bhfáil tosaigh a bhaineann sé, agus leis sin amháin, rud a fhágann nach féidir é a chur i bhfeidhm maidir le húsáideoirí deireadh atá faighte cheana féin; (ii) go bhfuil sé i gcomhréir le luach na fála agus nach mór aon íocaíocht eile, díreach nó indíreach, a fhaightear ó úsáideoirí gnó as an bhfáil tosaigh a éascú a chur san áireamh; agus (iii) nach n-íoctar an geatóir as a bheith ina gheatóir. Tá toirmeasc ar Apple aon chineál táille eile a ghearradh (de bhreis ar an táille a d'fhéadfaí a iarraidh as an bhfáil tosaigh) lena gcumhdaítear seirbhísí atá nasctha le húsáideoirí deiridh a fháil.

(29) Lena chois sin, níor cheart do Alphabet gabháil d'iompar a bhfuil cuspóir nó éifeacht aige den sórt céanna leis na bearta a leagtar amach thuas.

5. **FÍNEÁLACHA AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ PIONÓSACHA TRÉIMHSIÚLA**

(30) Tar éis don Choimisiún a chinneadh nach gcomhlíonann Téarmaí Alphabet Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2022/1925, gearrtar leis an gCinneadh fíneáil EUR 430 000 000 ar Alphabet de bhun Airteagal 30(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/1925. Ní sháraíonn an fhíneáil a ghearrtar an t-uasmhéid a cheadaítear, is é sin 10 % de láimhdeachas domhanda Alphabet, de bhun Airteagal 30(1) de Rialachán (AE) 2022/1925. De bhreis air sin, tabhóidh Alphabet íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla de bhun Airteagal 31(1), pointe (h) de Rialachán (AE) 2022/1925, mura gcomhlíonann sé an Cinneadh.

6. **CONCLÚID**

(31) Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, cinntear leis an gCinneadh nach gcomhlíonann Téarmaí Alphabet Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2022/1925. Ar an gcúis sin, gearrtar fíneáil ar Alphabet leis an gCinneadh. Thairis sin, forchuirtear leis an gCinneadh ordú stop agus scoir ar Alphabet chun deireadh a chur leis an sárú laistigh de 60 lá féilire ó dháta an fhógra faoin gCinneadh agus leagtar amach ann go dtabhóidh Alphabet íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla mura gcomhlíonann sé an Cinneadh.

(32) Lena chois sin, cuirtear clabhsúr ar na himeachtaí a tionscnaíodh le Cinneadh C(2024) 2055 final an 25 Márta 2024.